Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

12777/18

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0248(COD)**
**2018/0249(COD)**
**2018/0250(COD)**

**JAI 962**
**FRONT 311**
**ASIM 117**
**MIGR 140**
**CADREFIN 239**
**VISA 251**
**SIRIS 127**
**ENFOPOL 488**
**CT 153**
**CODEC 1591**
**COMIX 532**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tograí ón gCoimisiún maidir le ag gcreat airgeadais ilbhliantúil<br>a) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce (AMF)<br>b) Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha<br>c) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (ISF)<br>- Díospóireacht bheartais |

**Gné sheachtrach na himirce a neartú sna cistí gnóthaí baile:**

**Dúshlán don tsolúbthacht, don chomhtháthú agus don chomhlántacht?**

**Réamhrá**

Ar an 13 Meitheamh, mar chuid den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, d'eisigh an Coimisiún trí thogra i réimse na ngnóthaí baile. Is iad seo a leanas na cistí/ionstraimí agus na príomhchuspóirí a ghabhann leo:

- Sa Chiste Tearmainn agus Imirce (AMIF) tugtar tacaíocht do bhainistíocht tearmainn agus na himirce arna ndéanamh ag na Ballstáit;
- Áireofar san ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais chun críocha bainistithe teorainneacha agus víosaí, atá mar chuid den Ciste nua um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha go ndéanfar bainistiú comhtháite teorainneacha láidir éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha, rud a dhéanfaidh saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a choimirciú;
- Is é an aidhm atá leis an gCiste Slándála Inmheánaí (ISF) saoránaigh a chosaint de bhíthin comhordú a bheith ann idir na póilíní, na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis inniúla eile, agus de bhíthin gníomhaíochtaí coisctheacha.

Tógtar cuid mhór sna trí thogra reachtacha ar na rialacháin atá ann cheana[1]; agus áirítear iontu forbairtí nua beartais ó bhí an Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce ann, a riachtanaí atá sé a bheith in ann freagairt go mear laistigh den Aontas féin agus i gcomhar le tíortha eile do dhúshláin maidir leis an imirce atá ag teacht chun cinn, forbairt an Gharda Teorann agus Chósta Eorpaigh nua, nuachóiriú ar an gcomhbheartas víosaí, forbairt ar chórais nua TF mhórscála, an clár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil, dlús á chur leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus na cibearchoireachta, agus an clár oibre idir-inoibritheachta nua.

Agus ceachtanna á bhfoghlaim ag an gCoimisiún ó na géarchéimeanna imirce agus slándála roimhe seo, agus é á aithint aige gur iomaí dúshlán a bhainfidh le réimse na himirce, le réimse an bhainistithe teorainneacha agus le réimse na slándála amach anseo, mhol an Coimisiún go gcuirfí go mór le buiséad an Aontais sna réimsí beartais seo a leanas: *'An Imirce agus Teorainneacha'* agus *'an tSlándáil'*. Cuireadh beag nach EUR 35 billiún go leataobh don tréimhse chláraithe 2021-2027, sin méadú faoi thrí ar a leithdháileadh i dtús báire agus a bhfuil san áireamh in CAI faoi láthair.

[1] An Ciste Tearmainn agus Imirce (AMIF), an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do theorannacha seachtracha agus do víosaí (ISF - Teorainneacha) agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht ghéarchéime (ISF Póilíní).

**Plé faoin ngé sheachtrach a bhaineann leis an imirce**

Meitheal *Ad hoc* um ionstraimí airgeadais CGB[2] is ea comhlacht ullmhúcháin na Comhairle a bhíonn ag plé leis na trí thogra reachtacha. Chuaigh an Mheitheal i mbun plé seacht mbabhta faoi scáth Uachtaránacht na hOstaire.

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 1 Deireadh Fómhair, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal faoin bhféidearthacht gnéithe dílse suntasacha do bhainistiú na himirce seachtraí a chuimsiú sa dá chiste agus san ionstraim faoi mar a sainíodh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach ar an 28 Meitheamh 2018 é[3], thar a bhfuil foráilte sna tograí ón gCoimisiún. Ba cheart cur chun feidhme na ngnéithe dílse den sórt sin a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí, lena n-áirithítear go mbeidh comhtháthú agus comhlántacht ann idir gach ionstraim a phléann le gné sheachtrach na himirce rud atá molta don chéad CAI eile. Bunaíodh an plé ar cheistneoir ón Uachtaránacht inar tugadh tuilleadh sonraí faoin ngné sheachtrach a bhaineann leis an imirce agus na cistí gnóthaí baile in CAI ó 2020 ar aghaidh[4].

Faoi réir grinnscrúdú breise a dhéanamh ar na dréachtrialacháin, thacaigh na toscaireachtaí le raon leathan gníomhaíochta a sainaithníodh cheana sna tograí maidir le sreabha imirce a bhainistiú go hiomchuí. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí raon feidhme leathan na gcritéar incháilitheachta, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha, eintiteas dlíthiúil a bunaíodh i dtríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó cuibhreannais.

**Cistí CGB: Cén uirlis airgeadais ar cheart a bheith ann chun gur féidir an tsolúbthacht a áirithiú?**

Bhí an Mheitheal ar aon intinn gur cheart ranníocaíochtaí an Aontais a leithdháileadh trí chláir sna Ballstáit nó trí shaoráid théamach a thiocfadh faoi mhodhanna éagsúla cur chun feidhme. Áirítear sa tsaoráid sin cúnamh éigeandála, gníomhaíochtaí an Aontais agus gníomhaíochtaí sonracha a fhéadfaidh cláir náisiúnta a bhreisiú. D'fhéadfaí an tsaoráid théamach a chur ag obair i gcás aon gníomhaíocht ar dócha gur riachtanach í chun cuspóirí arna sainiú ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí i dtríú tíortha amhail gníomhaíochtaí dar cuspóir srian a chur leis an imirce.

---

[2] 9983/18.

[3] EUCO 9/18, pointe 9: *'I gcomhthéacs an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go gcaithfidh ionstraimí solúbtha a bheith ann, a fhágfaidh go bhféadfar íocaíocht amach mhear a dhéanamh, chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach. Ba cheart, dá bhrí sin, a áireamh sna cistí don tslándáil inmheánach, don bhainistíocht chomhtháite teorainneacha, don tearmainn agus don imirce gnéithe dílse suntasacha do bhainistiú na himirce seachtraí.'*

[4] 12272/18.

Maidir le gnéithe dílse a áireamh chun dul i ngleic leis an ngné sheachtrach den imirce, roghnaigh an chuid is mó de na toscaireachtaí go n-aireofaí na gnéithe dílse sin go sainráite sa tsaoráid théamach. Tá an rogha sin solúbtha a dhóthain chun gur féidir na cistí a threorú chun na gné cirte (idir cúnamh éigeandála, gníomhaíocht de chuid an Aontais nó trí na cláir náisiúnta). Sa chás sin, féadfaidh an tsaoráid théamach sciar dá leithreasú iomlán a chur chuig bainistiú na himirce seachtraí.

**An imirce a bhainistiú: cur chuige ildisciplíneach**

Baineann an ghné sheachtach le roinnt ionstraimí. Áirítear bainistiú imirce mar chuspóir sna hionstraimí sin atá dírithe ar an ngníomhaíocht sheachtrach (an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta atá beartaithe agus Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic), a fhágfaidh go ndéanfar acmhainní a leithdháileadh chun dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce. Ionstraimí is ea iad a dhéanfadh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha a mhaoiniú agus dhéanfadh gné sheachtrach na gcistí gnóthaí baile iad a chomhlánú.

Aithníonn an Chomhairle Eorpach gur gá acmhainní breise a leithdháileadh ó na cistí gnóthaí baile chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach. Tá raon leathan gníomhaíochtaí sna cistí sin cheana féin a bhféadfaí tacú leo laistigh de na cuspóirí beartais a sainíodh, lena n-áirítear sreabha imirce neamhdhleathacha a bhainistiú.

Ós rud é go bhfuil na cuspóirí beartais nach mór mar a chéile sna cistí éagsúla, ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh le go mbeidh comhlántacht ann idir na gníomhaíochtaí éagsúla a thacaíonn le gnéithe éagsúla beartais imirce. Ós amhlaidh atá, ní ceist comhordaithe beartais gné sheachtrach na himirce sna cistí gnóthaí baile a neartú a thuilleadh an oiread agus atá ina dúshlán agus rialachas agus comhordú i gceist. Le linn an phlé a rinneadh ar leibhéal na Meithle, chuir na toscaireachtaí i dtreis go bhféadfadh forléargas a bheith ag eintiteas nó ag comhlacht ar na féidearthachtaí a bhí ann maidir le maoiniú agus le gníomhaíochtaí a chomhordú. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach trí struchtúr rialachais a bhunú chun a áirithiú go mbeidh níos mó infheictheachta agus trédhearcachta ann agus go dtiocfaidh feabhas ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht na mBallstát, rud a áiritheoidh go mbainfí lántairbhe as cistí an Aontais sna réimsí ina bhfuil breisluach AE i gceist.

**Ceisteanna**

I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar na toscaireachtaí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. An bhfuil tú i bhfabhar an mhéid seo a leanas: go ndéanann an tsaoráid théamach gné sheachtrach gach ceann de na trí chiste a neartú a thuilleadh agus gur leor an sciar a choimeádann sí i leataobh chun dul i ngleic leis na gnéithe seachtracha sin a bhaineann leis an imirce?

2. Cé mar is féidir comhtháthú, comhlántacht agus sineirgí a áirithiú i measc na bhféidearthachtaí éagsúla a bhaineann le maoiniú an Aontais i réimse na himirce? Cé mar is féidir comhordú a dhéanamh níos éifeachtaí?